

## Comhdhálacha um Chosaint Leanaí

Faisnéis do Thuismitheoirí

Más é an cinneadh a rinneadh nach bhfuil an leanbh i mbaol díobháil shuntasach, d'fhéadfadh go ndéanfar plé ar roinnt tacaíochtaí a sholáthar don leanbh agus don teaghlach agus cuirtear críoch leis an gcuinníú ina dhiaidh sin.

Má dhéantar an cinneadh go bhfuil an leanbh i mbaol díobháil leanúnach shuntasach, cuirfear plean um chosaint leanaí le chéile agus déanfar comhaontú air. Cuirfear ainm an linbh ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí (CPNS). Cinneadh an-dáiríre is ea an cinneadh chun plean um chosaint leanaí a dhéanamh agus chun leanbh a liostáil ar an CPNS agus ní dhéantar é ach amháin nuair a bhíonn comharthaí soiléire ann go bhfuil leanbh i mbaol díobháil shuntasach ó mhí-úsáid nó ó fhaillí ag duine amháin de na tuismitheoirí nó an bheirt tuismitheoirí.

### Céard é Plean um Chosaint Leanaí?

Is é cuspóir an phlean chun tacaíocht a thabhairt don leanbh agus a dtuismitheoirí a chinntiú go gcoimeádtar an leanbh sábháilte ó dhíobháil agus go n-íslítear an baol i leith an linbh.

D'fhéadfadh seo tarlú ar bhealaí éagsúla, d'fhéadfadh go mbeadh ar na tuismitheoirí freastal ar ranganna tuistithe nó saghas éigin de sheirbhís chomhairleoireachta nó a leanbh a thabhairt go dtí coinníú nó ligean do ghairmithe cuairt a thabhairt ar an leanbh sa bhaile. Is é an cuspóir atá againn ná go mbeadh tuismitheoirí agus leanaí páirteach sna cinntí a dhéanamh faoin bplean. Seolfar cóip den phlean deiridh chuig na tuismitheoirí i ndiaidh na comhdhála agus ainmneofar oibrí sóisialta mar an bPríomhoibrí a chinnteoidh go dtugtar faoin bplean.

### Céard é an Córas Fógartha um Chosaint Leanaí (CPNS)?

Cuireann an CPNS ainmneacha leanaí i dtaifead a ndearnadh comhaontú ar phleananna um chosaint leanaí ag Comhdháil um Chosaint Leanaí. Ní féidir ach le grúpa an-bheag daoine an CPNS a rochtain, ar nós dochtúirí nó an Gharda Síochána, a bhféadfadh go mbeadh cinntí tábhachtacha le déanamh acu faoi shábháilteacht an linbh.

## Comhdhálacha um Chosaint Leanaí

Faisnéis do Thuismitheoirí

Rialáimid go han-dian an rochtain ar an CPNS agus ní cheadaímid rochtain ach dóibh siúd a bhfuil cúis an-mhaithe acu an fhaisnéis a chuardach. Beidh ainm linbh liostaithe mar Gníomhach nó Éighníomhach.

- Ciallaíonn gníomhach go bhfuil siad anois ar Phlean um Chosaint Leanaí mar gheall go ndearnadh an cinneadh go bhfuil siad i mbaol díobháil shuntasach, faoi láthair, agus go dteastaíonn tacaíocht uathu le bheith sábháilte agus folláin.

- Ciallaíonn éighníomhach go raibh siad i mbaol díobháil shuntasach roimhe seo agus go raibh Plean um Chosaint Leanaí acu roimhe seo. D'fhéadfadh go dteastaíonn tacaíocht ón leanbh, chomh maith, le fanacht sábháilte agus folláin.

- Baintear ainm linbh go hiomlán ón liosta a luaithe a bhaintear aois 18 mbliana d'aois amach.

Tabharfar litir do thuismitheoirí le hinsint dóibh go bhfuil ainm a linbh ar an CPNS. Sa chás go bhfuil leanbh mar chuid de Phlean um Chosaint Leanaí agus go liostaítear iad mar ghníomhach, ní mór go gcuirfear cruinniú athbhreithnithe ar siúl laistigh de shé mhí lena chinntiú go bhfuil an plean ag oibriú. Tá sé de chuspóir an athbhreithnithe a dheimhniú an bhfuil an baol atá i leith an linbh ag laghdú nó an dteastaíonn breis tacaíochta.

Má dhéantar an cinneadh, ag an athbhreithniú, nach bhfuil leanbh i mbaol a thuilleadh, athrófar a stádas ar an CPNS go dtí éighníomhach agus seolfar litir chuig na tuismitheoirí.

Chun teacht ar bhreis faisnéise, déan teagmháil le:

# Comhdhálacha um Chosaint Leanaí Faisnéis do Thuismitheoirí

# TÜSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency

Irish

## Céard a dhéanann an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach?

Oibríonn Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach le teaghlach lena chinntiú go dtugtar aire do leanaí agus go gcoimeádtar iad slán sábháilte ó dhíobháil. Tuigimid go mbíonn go leor dúshlán dheacra roimh thuismitheoirí agus nach furasta tuistiú i gcónaí. Cuirimid saghsanna éagsúla de thacaíocht ar fáil do thuismitheoirí a d'fhéadfadh bheith ag streachailt le bheith mar thuismitheoir dá leanbh ar cibé cúis. Leanaimid *Tús Áite do Leanaí* – treoir náisiúnta a insíonn dúinn céard is gá dúinn a dhéanamh chun cabhrú le leanaí atá i mbaol díobhála. Chomh maith leis sin, tá treoirlínte againn faoi Chomhdhálacha um Chosaint Leanaí.

## Céard í Comhdháil um Chosaint Leanaí?

Nuair a bhímid buartha faoi shábháilteacht linbh, labhróimid lena dtuismitheoirí, múinteoirí agus daoine eile a bhfuil baint acu i saol an linbh le níos mó eolais a dheimhniú. Má cheapaimid go bhféadfadh go mbeadh leanbh i mbaol díobháil shuntasach, d'fhéadfaimis an cinneadh a dhéanamh chun cruinniú a shocrú ar a dtugtar Comhdháil um Chosaint Leanaí. Cabhraíonn Comhdháil um Chosaint Leanaí le gach duine atá bainteach i saol an linbh a dheimhniú céard iad riachtanais an linbh agus chun cinneadh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an leanbh i mbaol díobhála ó mhí-úsáid nó faillí. Anuas air sin, cabhraíonn sé linn plean a chur le chéile chun freastal ar riachtanais an linbh agus chun an riosca i leith díobháil a dhéanamh dóibh a íslíú. Is éard a d'fhéadfadh bheith i gceist le díobháil shuntasach ná imeacht singil (ionsaí) nó sraith imeachtaí (faillí) a d'fhéadfadh cur isteach ar fhorbairt nó folláine linbh nó díobháil a dhéanamh dóibh nó iad a athrú.

## Cé a fhreastalaíonn ar an gcomhdháil?

Is gnách go bhfreastalaíonn tuismitheoirí an linbh ar an gComhdháil um Chosaint Leanaí agus tugtar cuireadh don leanbh bheith bainteach, chomh maith, cibé acu trí fhreastal (má oireann sé) nó casadh le hoibrí sóisialta roimh an gcrúinniú. Scríobhann roinnt leanaí litir a dhéantar a léamh ag an gcrúinniú.

Is féidir le tuismitheoirí duine a thabhairt leo chun tacaíocht a thabhairt dóibh chomh maith leis sin. Mar gheall go ndéantar plé go minic ar fhaisnéis phearsanta agus phríobháideach ag na cruinnithe seo, is tábhachtach gur féidir bheith muiníneach as an duine a thabharfaidh an tacaíocht agus go léireoidh siad meas ar an méid a chloisfidh siad ag an gcrúinniú agus go gcoimeádfaidh siad faoi rún é. Ní mór do thuismitheoirí an t-oibrí sóisialta a chur ar an eolas má tá an duine tacaíochta ag teacht leo agus a n-ainm a thabhairt. Ní ghlacann an duine tacaíochta páirt in aon chinntí a dhéanamh ag an gcomhdháil agus ní féidir leo freastal ar an gcomhdháil in ionad na dtuismitheoirí.

Mura bhfreastalaíonn tuismitheoir, déanfar a dtuairimí a chomhroinnt a mhéid is féidir. Amanna, scríobhann tuismitheoirí litir ar féidir í a léamh amach ag an

gcomhdháil.

Is gnách go mbíonn oibrí sóisialta an linbh, bainisteoir oibre sóisialta agus duine a ghlacann nótaí ann. Glacann cathaoirleach taithíoch comhdhála ceannas ar an gcrúinniú. De ghnáth, iarrtar ar mhúinteoir, altra sláinte poiblí, dochtúir teaghlach, Garda nó daoine ó sheirbhísí eile a oibríonn leis an teaghlach freastal.

Murar féidir le duine an-tábhachtach i saol an linbh freastal, d'fhéadfaí iarraidh orthu tuarascáil a sheoladh chuig an gcrúinniú. Faigheann tuismitheoirí cóipeanna de na tuarascálacha ábhartha ar lá na comhdhála. Moltar go mór d'údair thuarascálacha labhairt leis na tuismitheoirí roimh an gcomhdháil ionas nach gcloiseann na tuismitheoirí faisnéis nua ar an lá.

## Cén cinntí is féidir a dhéanamh ag an gcomhdháil?

Ag an gcrúinniú, éistfimid le tuairimí gach duine a bhfuil baint acu i saol an linbh chun cabhrú linn a dheimhniú an bhfuil an leanbh sábháilte agus an dtugtar aire mhaithe dóibh agus an bhfuiltear ag freastal ar a riachtanais. Chomh maith leis sin, déanaimid plé ar aon bhaol atá i leith an linbh. Is fearr an aithne a bhíonn ag tuismitheoirí ar a leanaí, mar sin, déanaimid iarracht cabhrú le tuismitheoirí a dtuairimí a nochtadh ar an mbealach is fusa is féidir. Roghnaíonn roinnt tuismitheoirí seo a dhéanamh trí litir mar aon le freastal ar an gcrúinniú. Éistfimid an-chúramach le tuairimí an linbh a bhíonn i gceist chomh maith. Tugtar faoin gcomhdháil ar bhealach oscailte ionraic a léiríonn meas i gcónaí.

Tar éis dúinn éisteacht le gach ceann de na tuarascálacha agus tuairimí iad siúd a bhíonn ag an gcomhdháil, tuismitheoirí san áireamh, iarrfar ar na gairmithe a bhíonn i láthair an gereideann siad go bhfuil an leanbh i mbaol díobháil leanúnach shuntasach. Cuirfear san áireamh gach ceann de na tuairimí a nochtar agus is gnách go mbunaftear an cinneadh ar chomhaontú gairmiúil, sa chás nach féidir é seo a dhéanamh, déanann an cathaoirleach an cinneadh deiridh agus tugtar gach ceann de na tuairimí nó na heasaontais faoi deara.